| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Dia duit! | Hello! |
| | Cad is ainm duit? | What's your name? |
| | Conas atá tú? | How are you? |
| **2.** | Cad a rinne tú sa samhradh? | What did you do in the summer? |
| | An ndeachaigh tú thar lear? | Did you go overseas? |
| | Cá ndeachaigh tú? | Where did you go? |
| | Chuaigh mé ... | I went … |
| | Ní dheachaigh mé ... | I didn't go … |
| | D'fhan mé ... | I stayed … |
| | Cad a chonaic tú? | What did you see? |
| **3.** | Ar thaitin an samhradh leat? | Did you enjoy the summer? |
| | An raibh an aimsir go maith? | Was the weather good? |
| | An raibh an samhradh fada go leor? | Was the summer long enough? |

| Deirdre agus an Fear Bréige (Úna Levy) | | Deirdre and the Scarecrow |
|---|---|---|
| 1. | Bhrostaigh Deirdre abhaile ón scoil. | Deirdre hurried home from school. |
| 2. | Ghlaoigh a cairde uirthi ach níor stop sí. | Her friends called her, but she didn't stop. |
| 3. | Thit peann luaidhe as a mála ach níor stop sí. | A pen fell from her bag, but she didn't stop. |
| 4. | Lean madra í ach níor stop sí. | A dog followed her, but she didn't stop. |
| 5. | Bhuail sí an doras isteach. | She went in the door. |
| 6. | 'A Mhamaí! A Mhamaí! Éist le seo!' arsa Deirdre. | 'Mommy! Mommy! Listen to this!' said Deirdre. |
| 7. | 'Tóg go bog é,' arsa Mamaí, 'tá an cat ina chodladh!' | 'Take it easy,' said Mommy, 'the cat is asleep!' |
| 8. | 'Ó, a Mhamaí, éist!' arsa Deirdre arís. | 'Oh, Mommy, listen!' said Deirdre again. |
| 9. | 'Tá dráma ar siúl againn ar scoil. | 'We have a play at school. |
| 10. | Is mise an bhanríon!' | I'm the queen!' |
| 11. | 'Go hiontach!' arsa Mamaí. | 'Wonderful! said Mommy. |
| 12. | Tháinig Daidí isteach ansin. | Daddy came in then. |
| 13. | 'Is mise an bhanríon sa dráma ar scoil,' arsa Deirdre leis. | 'I'm the queen in the play at school,' Deirdre said to him. |
| 14. | 'Go hiontach!' arsa Daidí. | 'Wonderful!' said Daddy. |
| 15. | 'Caithfidh mé coróin speisialta a dhéanamh,' arsa Deirdre. | 'I have to make a special crown,' said Deirdre. |
| 16. | 'Ó,' arsa Mamaí, 'cabhróidh mé leat.' | 'Oh,' said Mommy, 'I will help you.' |
| 17. | 'Cabhróidh mise leat freisin,' arsa Daidí. | 'I will help you too,' said Daddy. |
| 18. | 'Ach anois, caithfidh mé fear bréige a dhéanamh. | 'But now, I have to make a scarecrow. |
| 19. | Cé a chabhróidh liomsa?' | Who will help mé?' |

| | | |
|---|---|---|
| 20. | 'Cabhróidh mise agus fáilte,' arsa Deirdre. | 'I'll gladly help,' said Deirdre. |
| 21. | 'Fuair Daidí seanbhríste caite. | 'Daddy got an old worn out pair of jeans. |
| 22. | Fuair sé seanghúna. | He got an old dress. |
| 23. | 'An bhfuil seanhata in aon áit, a Dheirdre?' ar seisean. | 'Is there an old hat anywhere, Deirdre?' he said. |
| 24. | D'fhéach Deirdre ina cófra. | Deirdre looked in her closet. |
| 25. | Bhí léine ann. Agus geansaithe. | There was a shirt there. And sweaters. |
| 26. | Agus brístí. Agus sciortaí. | And pants. And skirts. |
| 27. | Agus bréagáin. Agus leabhair. | And toys. And books. |
| 28. | Chonaic sí caipín breá dearg. | She saw a fine red cap. |
| 29. | 'Sin é,' arsa Deirdre. | 'That's it,' said Deirdre. |
| | **Ceisteanna** | **Questions** |
| 1. | Cá raibh Deirdre roimh tús an scéil? | Where was Deirdre before the start of the story? |
| 2. | Cad a thit as a mála droma? | What fell out of her backpack? |
| 3. | Cén páirt a fuair Deirdre sa dráma? | What role did Deirdre get in the play? |
| 4. | Cad a chaithfidh sí a dhéanamh don dráma? | What does she have to make for the drama? |
| 5. | Cé a chabhróidh léi? | Who will help her? |
| 6. | Cad atá Daidí ag déanamh? | What is Daddy making? |
| 7. | An raibh páirt agatsa i ndráma riamh? | Did you ever have a part in a play? |
| 8. | An bhfaca tú fear bréige riamh? | Did you ever see a scarecrow? |
| 9. | An ndearna tú fear bréige nó fear sneachta riamh? | Did you ever make a scarecrow or a snowman? |
| 10. | An raibh tú i do chónaí ar fheirm riamh? | Did you ever live on a farm? |